21.2.2024 A9-0424/8

**Leasú 8**
**Jaak Madison, Harald Vilimsky, Jean-Lin Lacapelle, Thierry Mariani, Bernhard Zimniok, Susanna Ceccardi**
thar ceann an Ghrúpa ID

**Tuarascáil A9-0424/2023**
**Nacho Sánchez Amor**
Cearta an duine agus an daonlathas ar domhan agus beartas an Aontais Eorpaigh maidir leis an ábhar – tuarascáil bhliantúil 2023
(2023/2118(COD))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Aithris I a (nua)**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Ia. de bhrí, de réir Open Doors, go ndéantar géarleanúint, ciapadh nó idirdhealú ar bhreis agus 360 milliún Críostaí;*** |

Or. en

**Leasú 9**
**Jaak Madison, Harald Vilimsky, Jean-Lin Lacapelle, Thierry Mariani, Bernhard Zimniok**
thar ceann an Ghrúpa ID

**Tuarascáil A9-0424/2023**
**Nacho Sánchez Amor**
Cearta an duine agus an daonlathas ar domhan agus beartas an Aontais Eorpaigh maidir leis an ábhar – tuarascáil bhliantúil 2023
(2023/2118(COD))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 1**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. ag athdhearbhú uilechoitinne, idirthuilleamaíocht, idirghaolmhaireacht agus dhodhealaitheacht chearta an duine agus na dínite ar cuid dhílis de gach duine í; ag athdhaingniú dhualgas an Aontais agus a Bhallstát an daonlathas, an smacht reachta agus uilíocht agus doshanntacht chearta an duine ar fud an domhain a chur chun cinn agus a chosaint ar bhealach diongbháilte, comhleanúnach agus comhsheasmhach; á iarraidh go ndéanfadh an tAontas agus a Bhallstáit comhcheangail fórsaí a chur chun cinn idir na daonlathais agus na heagraíochtaí idirnáisiúnta agus réigiúnacha ábhartha chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí agus chun cearta an duine a chur chun cinn ar fud an domhain, lena n-áirítear trí sheasamh poiblí láidir lena n-athdhearbhaítear ár dtiomantas chun uilíocht chearta an duine a chosaint agus an smacht reachta a chosaint; | 1. ag athdhearbhú uilechoitinne, idirthuilleamaíocht, idirghaolmhaireacht agus dhodhealaitheacht chearta an duine agus na dínite ar cuid dhílis de gach duine í; ag athdhaingniú dhualgas an Aontais agus a Bhallstát an daonlathas, an smacht reachta agus uilíocht agus doshanntacht chearta an duine ar fud an domhain a chur chun cinn agus a chosaint ar bhealach diongbháilte, comhleanúnach agus comhsheasmhach; á iarraidh go ndéanfadh an tAontas agus a Bhallstáit comhcheangail fórsaí a chur chun cinn idir na daonlathais agus na heagraíochtaí idirnáisiúnta agus réigiúnacha ábhartha chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí agus chun cearta an duine a chur chun cinn ar fud an domhain, lena n-áirítear trí sheasamh poiblí láidir lena n-athdhearbhaítear ár dtiomantas chun uilíocht chearta an duine a chosaint agus an smacht reachta a chosaint; ***á chur i bhfáth, áfach, nach é AE a dhéanann faire ar chearta an duine ar domhan agus nach bhfuil sainordú aige cur isteach ar ghnóthaí inmheánacha tíortha nach bhfuil in AE;*** |

Or. en

21.2.2024 A9-0424/10

**Leasú 10**
**Jaak Madison, Harald Vilimsky, Jean-Lin Lacapelle, Thierry Mariani, Bernhard Zimniok, Susanna Ceccardi**
thar ceann an Ghrúpa ID

**Tuarascáil** **A9-0424/2023**
**Nacho Sánchez Amor**
Cearta an duine agus an daonlathas ar domhan agus beartas an Aontais Eorpaigh maidir leis an ábhar – tuarascáil bhliantúil 2023
(2023/2118(COD))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 19 a (nua)**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***19a. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go méadaítear le 'múscailteacht' agus an cealchultúr a bhíonn mar thoradh air deighiltí sochaíocha, go ndíspreagtar leo dioscúrsa oscailte agus neamhbhalbh, go mbíonn dearcadh laghdaitheach ar an stair mar thoradh orthu, go gcuirtear leo cinsireacht agus athbhreithnitheachas stairiúil chun cinn agus go gcuirtear leo srian ar shaoirse cainte ar ndóigh;*** |

Or. en

**Leasú 11**
**Jaak Madison, Harald Vilimsky, Jean-Lin Lacapelle, Thierry Mariani, Bernhard Zimniok, Susanna Ceccardi**
thar ceann an Ghrúpa ID

**Tuarascáil** **A9-0424/2023**
**Nacho Sánchez Amor**
Cearta an duine agus an daonlathas ar domhan agus beartas an Aontais Eorpaigh maidir leis an ábhar – tuarascáil bhliantúil 2023
(2023/2118(COD))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 24 a (nua)**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***24a. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di gurb iad Críostaithe an grúpa reiligiúnach is mó a ndearnadh géarleanúint orthu ar domhan; ag cáineadh, sna téarmaí is láidre, aon ionsaí agus gach ionsaí ar phobail Chríostaí; á chur in iúl gur oth léi go mór dí-ionsaí agus loitiméireacht na suíomhanna naofa agus reiligiúnacha; á iarraidh ar AE agus ar a Bhallstáit gach gníomh den sórt sin a cháineadh agus oidhreacht Chríostaí a chaomhnú agus a chosaint;*** |

Or. en

21.2.2024 A9-0424/12

**Leasú 12**
**Jaak Madison, Harald Vilimsky, Jean-Lin Lacapelle, Thierry Mariani, Bernhard Zimniok, Susanna Ceccardi**
thar ceann an Ghrúpa ID

**Tuarascáil** **A9-0424/2023**
**Nacho Sánchez Amor**
Cearta an duine agus an daonlathas ar domhan agus beartas an Aontais Eorpaigh maidir leis an ábhar – tuarascáil bhliantúil 2023
(2023/2118(COD))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 28 a (nua)**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***28a. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go bhfuil ardú tagtha ar an bhfrithsheimíteachas sa domhan;*** |

Or. en

**Leasú 13**
**Jaak Madison, Harald Vilimsky, Jean-Lin Lacapelle, Thierry Mariani, Bernhard Zimniok, Susanna Ceccardi**
thar ceann an Ghrúpa ID

**Tuarascáil** **A9-0424/2023**
**Nacho Sánchez Amor**
Cearta an duine agus an daonlathas ar domhan agus beartas an Aontais Eorpaigh maidir leis an ábhar – tuarascáil bhliantúil 2023
(2023/2118(COD))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 30 a (nua)**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***30a. á chur in iúl gur cúis bhuartha di beartais an idirdhealaithe chiníoch aisiompaithe san Afraic Theas, ina bhfuil níos mó ná 120 dlí ciníoch i bhfeidhm faoi láthair cé gur tháinig deireadh le cinedheighilt 30 bliain ó shin; ag cáineadh tuilleadh dúnmharuithe brúidiúla agus toirtiúla fheirmeoirí na hAfraice Theas, ar toradh díreach iad ar chomhaltaí den pháirtí polaitiúil ag canadh amhrán amhail 'Kill the Boer, kill the farmer'; ag áitiú ar Rialtas na hAfraice Theas tús áite a thabhairt do chosc, imscrúdú agus ionchúiseamh na n-ionsaithe sin mar ábhar fíorphráinne; á cháineadh go ndéanann an comhphobal idirnáisiúnta neamhaird fhorleathan ar na hionsaithe sin nó go ndéanann sé iad a réasúnú;*** |

Or. en

21.2.2024 A9-0424/14

**Leasú 14**
**Jaak Madison, Harald Vilimsky, Jean-Lin Lacapelle, Thierry Mariani, Bernhard Zimniok, Susanna Ceccardi**
thar ceann an Ghrúpa ID

**Tuarascáil** **A9-0424/2023**
**Nacho Sánchez Amor**
Cearta an duine agus an daonlathas ar domhan agus beartas an Aontais Eorpaigh maidir leis an ábhar – tuarascáil bhliantúil 2023
(2023/2118(COD))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 40 a (nua)**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***40a. ag cáineadh go láidir gach cás de chiorrú ball giniúna ban, maruithe onóra, póstaí leanaí agus póstaí éigeantais, atá forleathan go sonrach i bpobail Ioslamacha;*** |

Or. en

**Leasú 15**
**Jaak Madison, Harald Vilimsky, Jean-Lin Lacapelle, Thierry Mariani, Bernhard Zimniok**
thar ceann an Ghrúpa ID

**Tuarascáil A9-0424/2023**
**Nacho Sánchez Amor**
Cearta an duine agus an daonlathas ar domhan agus beartas an Aontais Eorpaigh maidir leis an ábhar – tuarascáil bhliantúil 2023
(2023/2118(COD))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 44**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| 44. ag cáineadh creimeadh chearta an duine agus shábháilteacht na n-imirceach, na ndídeanaithe agus na ndaoine atá easáitithe go héigeantach; ag athdhearbhú a gcearta daonna doshannta agus á mheabhrú go bhfuil sé d'oibleagáid ar stáit iad a chosaint i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta ábhartha; á iarraidh go seasfadh an tAontas agus a Bhallstáit go héifeachtach lena gcearta i mbeartas imirce an Aontais agus a chomhar le tíortha comhpháirtíochta i ndáil leis sin; ***á chur in iúl gur saoth léi treocht mhéadaithe na seineafóibe, an chiníochais agus an idirdhealaithe i leith imirceach; á chur i bhfáth go mbíonn cineálacha éagsúla foréigin le sárú ag dídeanaithe agus imircigh, go háirithe iad siúd atá gan doiciméid, lena n-áirítear le linn easáitithe, amhail foréigean gnéasach agus inscne-bhunaithe, chomh maith le go leor bacainní, amhail rochtain ar oideachas, cúram sláinte, tithíocht chuibhiúil agus seirbhísí bunúsacha eile; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di líon na ndaoine atá easáitithe go héigeantach, nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo, mar thoradh ar sháruithe ar chearta an duine, atá tar éis méadú faoi dhó le 10 mbliana anuas;*** á | 44. ***á áitiú go gcuirfidh beartas imirce AE an milleán ar*** chreimeadh chearta an duine agus shábháilteacht ***shaoránaigh na mBallstát***; ***ag cur béim ar an bhfíoras nach gcuirfeadh imircigh a mbeatha i mbaol chun taisteal chun na hEorpa mura mbeadh tosca tarraingthe á gcruthú ag beartais AE; ag tabhairt dá haire nach dtugtar aghaidh go leormhaith ar chuid de na laigí sin sa Chomhshocrú maidir le hImirce;*** á áitiú go mbeadh beartas maidir le socrúchán réigiúnach dídeanaithe ann agus go mbeadh cistiú idirnáisiúnta coinníollach ar chur chun feidhme éifeachtach comhaontuithe um fhilleadh agus um athligean isteach le tríú tíortha; |

chur in iúl gur geal léi gníomhachtú na Treorach um Chosaint Shealadach[17] agus á iarraidh go n-úsáidfí é nuair is gá; ***á iarraidh go neartófar na hiarrachtaí chun ceart na n-imirceach a chosaint agus go ráthófar go mbeidh rochtain acu ar na seirbhísí bunúsacha go léir, lena n-áirítear agus iad faoi bhealach, agus go n-urramófar prionsabal an non-refoulement; á iarraidh go gcuirfí deireadh láithreach leis an gcleachtas mídhleathach maidir le brú siar; á iarraidh go dtabharfar aghaidh ar bhunchúiseanna na himirce agus an easáitithe éigeantaigh;***

---

[17] Treoir 2001/55/CE ón gComhairle an 20 Iúil 2001 maidir le caighdeáin íosta chun cosaint shealadach a thabhairt i gcás mórphlódú daoine easáitithe agus maidir le bearta lena gcuirtear cothromaíocht iarrachtaí chun cinn idir na Ballstáit i dtaca leis na daoine sin a ghlacadh agus le hiarmhairtí an ghlactha sin a iompar (IO L 212, 7.8.2001, lch. 12).

Or. en

21.2.2024 A9-0424/16

**Leasú 16**
**Jaak Madison, Harald Vilimsky, Jean-Lin Lacapelle, Thierry Mariani, Bernhard Zimniok, Susanna Ceccardi**
thar ceann an Ghrúpa ID

**Tuarascáil A9-0424/2023**
**Nacho Sánchez Amor**
Cearta an duine agus an daonlathas ar domhan agus beartas an Aontais Eorpaigh maidir leis an ábhar – tuarascáil bhliantúil 2023
(2023/2118(COD))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 44 a (nua)**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***44a. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go bhfuil ról tábhachtach ag eagraíochtaí neamhrialtasacha (ENRanna) maidir le smuigleáil imirceach a éascú trí ghníomhú mar sheirbhís tointeála agus trí chomhairle a thabhairt d’imircigh maidir le conas dul timpeall ar dhlíthe náisiúnta trí threoir a thabhairt dóibh a ndoiciméadacht taistil agus aitheantais a dhiúscairt; ag cur béim ar an bhfíoras nár cheart go bhfaigheadh ENRanna a éascaíonn imirce neamhdhleathach aon chistiú ón Aontas agus á athdhearbhú gur cheart go mbeadh oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála neamhdhleathacha ag eagraíochtaí neamhrialtasacha, chomh maith le gach gníomhaíocht eile a thacaíonn le teacht isteach neamhdhleathach isteach sna Ballstáit, faoi réir ionchúisimh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta;*** |

Or. en